Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en)

11345/23

| | |
|---|---|
| COASI 141 | AGRI 609 |
| ASIE 84 | TRANS 415 |
| CFSP/PESC 1394 | ENV 1116 |
| RELEX 1181 | ENER 546 |
| COHOM 202 | ECOFIN 1045 |
| CONOP 97 | EDUC 388 |
| COTER 183 | CULT 117 |
| WTO 163 | CLIMA 469 |
| JAI 1311 | MIGR 337 |
| DEVGEN 181 | ASEM 15 |

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena n údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le Daon Phoblacht na Banglaidéise maidir le Comhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair |

**CINNEADH (AE) 2023/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht**
**le Daon-Phoblacht na Banglaidéise**
**maidir le Comhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, agus Airteagal 209, i gcomhar le hAirteagail 218(3) agus (4) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bhrí gur cheart tús a chur leis an gcaibidlíocht d'fhonn Comhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair a thabhairt i gcrích le Daon-Phoblacht na Banglaidéise,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Leis seo, údaraítear an Coimisiún agus Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí') tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le Comhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair le Daon-Phoblacht na Banglaidéise ('an Comhaontú').

2. Seolfar an chaibidlíocht ar bhonn na dtreoracha caibidlíochta ón gComhairle a leagtar amach san aguisín a ghabhann leis an gCinneadh seo..

*Airteagal 2*

Leis seo, déantar an Coimisiún a ainmniú ina cheann ar fhoireann caibidlíochta an Aontais.

*Airteagal 3*

Seolfar an chaibidlíocht i gcomhairle le Meitheal um an Áise-an Aigéine.

Rachfar i gcomhairle go rialta leis an gCoiste um an mBeartas Trádála maidir leis na codanna den Chomhaontú a bhaineann le trádáil.

*Airteagal 4*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún agus chuig an Ardionadaí.

Arna dhéanamh in/sa ...

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*